Gaelscoil na gCeithre Maol

Fógra Bliantúil

FÓGRA BLIANTÚIL MAIDIR LE LIGEAN ISTEACH

i dtaca le ligean isteach i scoilbhliain 2027/2028

Polasaí um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais

Tá cóip de Pholasaí na scoile um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais um Ligean Isteach do 2027-28 ar fáil mar seo a leanas: –

Le híoslódáil ag: www.scoilnagceithremaol.com

Ar iarratas: Ach ríomhphost a chur chuig scoilnagceithremaol@yahoo.ie nó scríobh chuig: Oifig na scoile, Gaelscoil na gCeithre Maol, Cearnóg an Mhargaidh, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26N82Y

CUID 1 - Ligean isteach i scoilbhliain 2027-2028

Dátaí Iarratais agus Cinnidh i gcomhair ligean isteach in 2027-28

Is iad seo a leanas na dátaí is infheidhme maidir le ligean isteach sna Naíonáin Shóisearacha

Tosóidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar	3ú Samhain 2026
Stopfaidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar	24ú Samhain 2026
Is é an dáta faoina gcuirfear an cinneadh maidir lena n-iarratas in iúl d'iarratasóirí ná	1ú Nollaig 2026
Is í an tréimhse nach mór d'iarratasóirí a dheimhniú go bhfuil siad ag glacadh le tairiscint ar ligean isteach laistigh di ná*	8ú Nollaig 2026

Nóta: Measfaidh an scoil iarratais dhéanacha agus eiseoidh cinntí orthu de réir polasaí iontrála na scoile.

Mura nglactar le tairiscint taobh istigh den am atá leagtha síos thuas, d'fhéadfaí an tairiscint a tharraingt siar

Líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil in 2027-28

Is é líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil sna Naíonáin Shóisearacha ná	**30**